Derry City & Strabane
District Council
Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane
Destrick Cooncil

Tag: FOI / 472

04 Aibreán 2016

Ríomhphost: @hotmail.com

, a chara,

**Iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2000 – Caiteachas ar na Speiríní**

Tagraím do d'iarratas thuasluaite is don soiléiriú a fuarthas ar an 10 Márta agus soláthraím an t-eolas a leanas mar fhreagra:

**Caiteachas ar Thionscadail Thurasóireachta sna Speiríní 15/16**

Tá £700k caite ag ár rannóg turasóireachta le trí bliana anuas ar an chlár *Discover Faughan Valley* a thacaigh le 52 gnó, cuid mhór díobh suite i gceantar na Speiríní.

Ina theannta sin, gheall muid £10k anuraidh don *Tyrone and Sperrins Collective* le tacú leis na gnéithe a leanas: clár cumarsáide agus fógraíochta; banc íomhánna a fhorbairt; máistirphleán um thurasóireacht faoin tuath a chur le chéile.

Tá na róil thíosluaite mar fhreagracht ag an rannóg turasóireachta sa Chomhairle: forbairt straitéisí agus pleananna gnímh don réigiún i gcoitinne; forbairt táirgí turasóireachta; bheith ag plé le gréasáin; taighde; bheith ag tacú leis an tionscal agus ag freastal ar a riachtanais chumarsáide; bheith ag obair chun maoiniú a mhealladh isteach agus; seirbhísí eolais a chur ar fáil do chuairteoirí. Chomh maith leis sin, tá réimse de sheirbhísí eile sa Chomhairle a thugann cúnamh dár seirbhísí turasóireachta:

rochtain faoin tuath, caitheamh aimsire amuigh faoin spéir, na healaíona, cultúr, agus féilte agus imeachtaí, rudaí a chuireann leis an táirge turasóireachta.

Tá Comhaontuithe Léibhéil Seirbhíse ag an aonad turasóireachta sa Chomhairle le hionaid chultúrtha ar an tSrath Bán. Maidir le caiteachas turasóireachta ar na Speiríní tá £25k caite ar phoiblíocht agus cur chun cinn an cheantair, £35k ar thurasóireacht agus thionscail chruthaitheachta agus £11k de chaiteachas ghinearálta ar na gnéithe seo a leanas:

- Féile Siúil na Speiríní/Choill Íochtair 2015 - £5,489.50
- Staidéar Féidearthachta - *Wild Adventure Way*: Rinne Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin íocaíocht de £4,650 amach as costas iomlán de £14,000
- Measúnú ar Rochtain agus Chonairí i gceantar na Fochaine agus ceantar Ghleann Aichle
- Staidéar Féidearthachta/Ainilís Eacnamaíoch d'Ionad Oidhreachta na Speiríní
- Ionad Oidhreachta na Speiríní – costais chothabhála ionaid suas go dtí an lá atá inniu ann
- Cúnamh airgeadais tugtha do bhaile dúchais Wilson
- Cúnamh airgeadais tugtha d'oifig áitiúil eolais ar an Bhaile Nua
- Cúnamh airgeadais faoi Bhliain an Bhia as a bhain ceantair thuaithe tairbhe
- Féile Siúil na Speiríní – tacaíocht bhreise le margaíocht
- Oifigeach Turasóireachta ar an tSrath Bán: Tuarastal agus Pá – measta go dtí deireadh na bliana airgeadais
- Gealltanas ón Chomhairle le bheith ina hóstach don *International Appalachian Trail* – Meán Fómhair 2016 (le leanstan ar aghaidh sa bhliain 16/17)
- Staidéar Féidearthachta/Ainilís Eacnamaíoch ar Chanálacha an tSratha Báin
- Slí Gníomhaíochta na Deirge
- Tá Ionad Cuairteoirí an tSratha Báin faoi chúram bainistíochta ár rannóig Cultúir agus acmhainnítear é ag Amharclann na Caolsráide. Soláthraítear na seirbhísí seo a leanas: margaíocht ar an cheantar mar cheann scríbe turasóireachta; seirbhísí do chuairteoirí; agus measúnú ar threochtaí agus ar fhaisnéis turasóirí.

Má tá tú míshásta lenár bhfreagra tá ceart athbhreithnithe agus achomhairc agat; tá dhá chéim sa phróiseas seo:

Ar an chéad dul síos, is féidir leat úsáid a bhaint as ár nós imeachta inmhéanach le hathbhreithniú a iarraidh trí theagmháil a dhéanamh le:

John Kelpie
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
98 Bóthar na Trá
Doire BT48 7NN
Teil: 028 71253253 nó seol r-phost chuig: john.kelpie@derrystrabane.com

Ar an dara dul síos, is féidir achomharc a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh díreach leis an Choimisinéir Faisnéise ag an seoladh thíos:

Information Commissioner
Wycliffe House
Water Lane
Wilmslow
CHESHIRE SK9 5AF
Teil:  0303 123 1113 (ráta áitiúil) nó seol r-phost chuig: casework@ico.org.uk

Le dea-ghuí,

**Stiúrthóir – Gnó agus Cultúr**